Bulaíocht ar leanaí eile i measc leanaí scoile in Éirinn

Priscilla Doyle, Aoife Gavin agus foireann HBSC na hÉireann, an tIonad Taighde um Chothú Sláinte, OÉ Gaillimh.
Pádraic Déiseach a chuir an t-aistriúchán ar fáil.

Staidéar taighde is ea Iompraíocht Sláinte i measc Leanaí ag Aois Scoile (HBSC) a rinne líonra idirnáisiúnta d'fhoirne taighde[1] i gcomhar leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (An Eoraip) agus a chomhordaigh an tOllamh Candace Currie ó Ollscoil Dhún Éideann. Sa bhliain 2006, rinne HBSC na hÉireann suirbhé ar 10,334 leanbh scoile in Éirinn. Roghnaíodh na leanaí seo ó scoile-anna randamacha ar fud na tíre.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag:
http://www.hbsc.org
http://www.nuigalway.ie/hbsc/

Achoimre

Tá sé faighte amach ag HBSC na hÉireann go léiríonn 22% de leanaí scoile in Éirinn go ndearna siad bulaíocht ar leanaí eile ar scoil (29.4% de bhuachaillí agus 14.3% de chailíní). Tá an figiúr seo tar éis fanacht seasmhach go maith ó 2002 (20.2%). Tá céatadán na mbuachaillí a dhéanann bulaíocht ar leanaí eile ag an leibhéal is airde i measc buachaillí idir 15-17 mbliana déag d'aois (32.1%). Tá céatadán na gcailíní a dhéanann bulaíocht ar leanaí eile ag an leibhéal is airde i measc cailíní idir 12-14 bliana déag d'aois (15.4%). I gcás leanaí a dhéanann bulaíocht ar leanaí eile, is iondúil nach gcónaíonn siad leis an mbeirt thuismitheoirí, nach mbíonn siad in ann labhairt go héasca lena dtuismitheoirí ná lena gcairde is fearr, nach dtaitníonn an scoil leo, nach mbíonn sláinte fhíormhaith acu agus nach mothaíonn siad sásta. Is mó an seans go gcaithfidh siad níos mó ná ceithre thráthnóna sa tseachtain amuigh lena gcairde agus go mbeidh brú orthu maidir le hobair scoile i gcomparáid leo siúd nach léiríonn go ndéanann siad bulaíocht ar leanaí eile. Tagraíonn bulaíocht ar leanaí eile sa bhileog eolais seo do leanaí a léiríonn go ndearna siad bulaíocht ar dhalta(í) eile ar scoil uair amháin nó níos mó le cúpla mí anuas.

Cén fáth an t-ábhar seo?

Is fadhb í an bhulaíocht i scoileanna na hÉireann agus áirítear léi iompraíocht cosúil le spochadh, magadh, bagairt, bualadh, eisiacht agus sracadh2,3. Creidtear go ndéanann ceannairí grúpaí a bhfuil 'an-mheas orthu' a mhothaíonn go maith fúthu féin cuid mhór den bhulaíocht agus go ndéanann siad bulaíocht chun ceannas sóisialta a choinneáil ar leanaí eile[4]. Is minic a dhéantar bulaíocht ar na leanaí seo iad féin[5].

Treochtaí 2002-2006

Ar an iomlán tá céatadán na leanaí a léiríonn go ndéanann siad bulaíocht ar leanaí eile tar éis fanacht seasmhach idir 2002 (20.2%) agus 2006 (22%). Tá bulaíocht ar leanaí eile níos coitianta i measc buachaillí (29.4%) ná cailíní (14.3%). Tá méadú beag tagtha thar am ar líon na leanaí idir 15-17 mbliana déag a léiríonn go ndéanann siad bulaíocht ar leanaí eile (20.4% go 23.1%).



An céatadán de leanaí a rinne bulaíocht ar leanaí eile, de réir aoise agus inscne.

Bulaíocht ar leanaí eile i gcomhthéacs

- Bíonn sé níos deacra ag leanaí a dhéanann bulaíocht ar leanaí eile labhairt lena máithreacha (74.8% vs. 82.1%), lena n-aithreacha (56.8% vs. 65.8%) agus lena gcairde is fearr (84.1% vs. 88.7%), ná mar a bhíonn sé ag leanaí nach ndéanann bulaíocht ar leanaí eile.
- Is lú an seans go ndéanfaidh leanaí a chónaíonn leis an mbeirt thuismitheoirí bulaíocht ar leanaí eile, i gcomparáid le leanaí nach gcónaíonn leis an mbeirt tuismitheoirí (77% vs. 81.5%).
- Is mó an seans nach dtaitneoidh an scoil le leanaí a dhéanann bulaíocht ar leanaí eile (57.3% vs. 71%) ná iad siúd nach ndéanann bulaíocht ar leanaí eile.
- Is mó an seans go ndéarfaidh leanaí a dhéanann bulaíocht ar leanaí eile go mbíonn siad faoi bhrú ag obair scoile (45.1% vs. 39.7%) agus go gcaitheann siad níos mó ná ceithre thráthnóna sa tseachtain lena gcairde (48.2% vs. 40.4%) ná iad siúd nach ndéanann bulaíocht ar leanaí eile.
- Is lú an seans go bhfuil sláinte fhíormhaith ag leanaí a dhéanann bulaíocht ar leanaí eile (28.2% vs. 34.6%) ná go bhfuil siad sásta lena saol (40.3% vs. 52%), i gcomparáid le leanaí nach ndéanann bulaíocht ar leanaí eile.



An céatadán de leanaí in aois a 15 a léirigh go ndearna siad bulaíocht ar leanaí eile, de réir tíre.

- Níl aon cheangal idir bulaíocht a dhéanamh ar leanaí eile agus aicmí sóisialta.

Idirnáisiúnta

Rangaítear leanaí Éireannacha cúig bliana déag d'aois (idir bhuachaillí agus chailíní) san 28ú háit as 39 tír san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh, agus 25% ag léiriú go ndearna siad bulaíocht ar leanaí eile. Ina iomláine, léiríonn 17% de leanaí Éireannacha 11 bhliain d'aois (rangaithe sa 34ú háit) agus 23% de leanaí Éireannacha 13 bliana d'aois (rangaithe sa 34ú háit) go ndearna siad bulaíocht ar leanaí eile uair amháin nó níos mó le cúpla mí anuas.

Impleachtaí

Tá an céatadán na ndaoine óga in Éirinn a léiríonn go ndearna siad bulaíocht ar leanaí eile tar éis fanacht seasmhach go maith ó 2002. Tá an figiúr seo íseal go maith i gcomparáid le tíortha eile san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh. Tugann na torthaí seo le tuiscint go gcabhraíonn caidreamh láidir teaghlaigh le cosc a chur ar leanaí bulaíocht a dhéanamh ar leanaí eile, agus gur féidir le caidreamh láidir le leanaí eile a bheith bainteach le hiompar den chineál seo. Anuas air sin, is mó an seans go mbeidh brú maidir le hobair scoile ar leanaí a dhéanann bulaíocht ar leanaí eile agus go gceapann siad go bhfuil drochshláinte acu agus nach mothaíonn siad sásta faoina saol. Caithfear tuilleadh airde a dhíriú ar thaighde a dhéanamh ar a spreagann leanaí chun bulaíocht a dhéanamh agus na patrúin a bhíonn le sonrú nuair a thosaíonn leanaí ar bhulaíocht.

Tagairtí

1. Currie, C., Nic Gabhainn, S., Godeau, E., Roberts, C., Smith, R., Currie, D., Pickett, W., Richter, M., Morgan, A. & Barnekow, V. (eag.) (2008). *Inequalities in young people's health: HBSC international report from the 2005/2006 survey.* Copenhagen: WHO Regional Office for Europe, (Health Policy for Children and Adolescents, No 5.
2. Department of Education and Science (2001). *Child Protection Guidelines and Procedures.* Dublin: Department of Education and Science.
3. Department of Education and Science (2004). *Child Protection Guidelines and Procedures for Post-Primary Schools.* Dublin: Department of Education and Science.
4. Nishna, A. (2004). A theoretical review of bullying: Can it be eliminated?. In C.E. Sanders & G.D. Phye (Ed.), *Bullying: Implications for the classroom.* Amsterdam: Elsevier.
5. Olweus, D. (1994). Bullying at school: long term outcomes for the victims and an effective school based intervention program. In L.R. Huesmann (Ed.), *Aggressive Behaviour: Current Perspectives.* New York: Plenum.

Faigheann HBSC na hÉireann maoiniú ón Aonad Beartas um Chothú Sláinte, aonad de chuid na Roinne Sláinte agus Leanaí, agus ó Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na leanaí, leis na múinteoirí agus leis na scoileanna go léir a ghlac páirt sa taighde seo agus ba mhaith linn aitheantas a thabhairt dár gcomhghleacaithe san Ionad Taighde um Chothú Sláinte, OÉ Gaillimh.

Is féidir na bileoga eolais go léir chomh maith le foilseacháin agus tuarascálacha eile de chuid an HBSC a íoslódáil ónár láithreán gréasáin: http://www.nuigalway.ie/hbsc

Déan teagmháil linn ag: hbsc@nuigalway.ie

D'ullmhaigh Prisilla Doyle, Aoife Gavin, Siobhán O'Higgins, Graham Brennan, Pauline Clerkin, Aingeal de Róiste, Colette Kelly, Michal Molcho, Brenda Murphy, Larri Walker agus Saoirse Nic Gabhainn an bhileog eolais seo.